

Ní mór, áfach, go mbeidh ag duine aonair, atá mar chuid den 'p[h]obal lena mbaineann', de réir bhrí Airteagal 1(2)(e) de Threoir 2011/92, arna leasú, agus a chomhlíonann na critéir dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta maidir le 'leas leordhóthanach' nó, más iomchuí, 'sárú ar cheart', dá dtagraítear in Airteagal 11, an fhéidearthacht agóid a dhéanamh, os comhair cúirt bhreithiúnach eile nó, de réir an cháis, comhlacht neamhspleách agus neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, maidir leis an tsubstaint nó leis an nós imeachta, in aghaidh dhlíthiúlacht an chinnidh lena n-aithnítear nach bhfuil gá measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith glactha ag cúirt den sórt sin.

4) Maidir le Treoir 2011/92, arna leasú le Treoir 2014/52,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc léi ar cheadúnas tógála a bhronnadh, roimh nó le linn cur i gcrích measúnúithe ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol a éilítear nó roimh dheireadh scrúdaithe de réir an cháis ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol a bhfuil beartaithe le cinneadh an bhfuil measúnú den sórt sin riachtanach, do thionscadail aonair oibreacha a thagann faoi chumhdach tionscadal oibreacha forbartha uirbigh níos mó.

(¹) IO C 2, 3.1.2022

Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 25 Bealtaine 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad – an Bhulgáir) – Imeachtaí coiriúla de chineál riaracháin i gcoinne XN

(Cás C-608/21 (¹), Politseyski organ pri 02 RU SDVR)

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir 2012/13/AE – An ceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla – Airteagal 6 – An ceart atá ag duine le bheith curtha ar an eolas faoi na cúisimh a tugadh ina choinne – Airteagal 7 – An ceart chun rochtain a fháil ar ábhair an chomhaid – Feidhmiú éifeachtach chearta na cosanta – Airteagal 6 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun saoirse agus slándála – Cur in iúl na bhforas a bhaineann leis an duine atá faoi drochamhras nó atá ionchúisithe a chur faoi choimeád i ndoiciméad ar leith – Tráth ar chóir an cur in iúl sin a dhéanamh)

(2023/C 252/05)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Sofiyski rayonen sad

Páirtí sna príomhimeachtaí coiriúla

XN

idiragraí: Politseyski organ pri 02 RU SDVR

An chuid oibríochtúil

1) Maidir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta ar dá réir gur féidir na forais chun daoine a bhfuil drochamhras ann go ndearna siad cion coiriúil nó atá ionchúisithe ina leith sin a chur faoi choimeád, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir leis an gcion inphionóis a bhfuil drochamhras ann a ndearna siad nó a chuirtear ina leith, a nochtadh i ndoiciméid seachas an gníomh lena gcuirtear faoi choimeád iad. Cuirtear cosc leis an bhforáil sin, áfach, ar an bhfaisnéis sin a chur in iúl do na daoine sin mar chuid de chaingean bhreithiúnach fhéideartha lena ndéantar agóid in aghaidh dhlíthiúlacht an chur faoi choimeád agus ní tráth an chaillte saoirse nó laistigh de thréimhse gairid i ndiaidh tosú an chaillte sin.

2) Maidir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2012/13,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

éilítear leis go mbeidh sna forais chun daoine a bhfuil drochamhras ann go ndearna siad cion coiriúil nó atá ionchúisithe ina leith sin a chur faoi choimeád an fhaisnéis uile is gá chun ligean dóibh agóid a dhéanamh, ar bhealach éifeachtach, in aghaidh dhlíthiúlacht a gcur faoi choimeád. Agus staid na n-imeachtaí coiriúla á cur san áireamh chun a chinntiú nach ndéanfar dochar do dhul chun cinn imeachtaí atá ar bun, ní mór go mbeidh san fhaisnéis sin cur síos ar na fíorais ábhartha atá ar eolas ag na húdaráis inniúla, ina measc sin, uair agus suíomh na bhfíoras, cineál rannpháirtíocht nithiúil na ndaoine sin sa chion a líomhnaítear agus an tréithriú breithiúnach a ghlactar leis go sealadach.

(¹) IO C 198, 16.5.2022

Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 6 Meitheamh 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Corte costituzionale – an Iodáil) – Forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a eisíodh ar O. G.

(Cás C-700/21 (¹), O.G. (Barántas Gabhála Eorpach arna Eisiúint ar Náisiúnach Tríú Tír)

(Tarchur le haghaidh réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Forais le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach an bharántais gabhála Eorpaigh – Airteagal 4, pointe 6 – Cuspóir maidir le hath-imeascadh sóisialta – Náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht nó a bhfuil cónaí orthu ar chríoch an Bhallstáit fhorghníomhaithigh – Cóir chomhionann – Airteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)

(2023/C 252/06)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Corte Costituzionale

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: O.G.

Idiragraí: Presidente del Consiglio dei Ministri

An chuid oibríochtúil

1) Maidir le hAirteagal 4, pointe 6, de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna léamh in éineacht le prionsabal an chomhionannais os comhair an dlí a chumhdaítear le hAirteagal 20 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar reachtaíocht Bhallstáit, lena dtrasuitear Airteagal 4, pointe 6, lena n-eisiatar, go hiomlán agus go huathoibríoch, ó thairbhe an fhorais do neamhfhorghníomhú roghnach an bharántais gabhála Eorpaigh a leagtar síos san fhoráil sin aon náisiúnach tríú tír atá ag fanacht nó a bhfuil cónaí air i gcríoch an Bhallstáit sin, gan an t-údarás breithiúnach forghníomhaiteach a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar na naisc atá ag an náisiúnach sin leis an mBallstát sin.

2) Maidir le hAirteagal 4, pointe 6, de Chinneadh Réime 2002/584,